2. Ordaítear do Daimler AG na costais a íoc.

(1) IO C 278, 12.7.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 30 Márta 2022 – Daimler v EUIPO (Léiriú ar réalta thrírinneach ar chúlra dubh IV)**

**(Cás T-279/21)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar phatrúnmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Léiriú ar réalta thrírinneach ar chúlra dubh IV – Dearbhfhoras le diúltú – Easpa leithleachais – Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2022/C 213/51)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Daimler AG (Stuttgart, an Ghearmáin) (ionadaí: N. Siebertz, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: J. Schäfer agus E. Markakis, Gníomhairí)

**Maidir le:**

Caingean arna tabhairt i gcoinne chinneadh an chúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 18 Márta 2021 (Cás R 1895/2020 – 5) maidir le hiarratas ar chlárú patrúnmhairc lena léirítear réalta thrírinneach ar chúlra dubh IV mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Daimler AG na costais a íoc.

(1) IO C 278, 12.7.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 30 Márta 2022 – Daimler v EUIPO (Léiriú ar réalta thrírinneach ar chúlra dubh III)**

**(Cás T-280/21)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar phatrúnmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Léiriú ar réalta thrírinneach ar chúlra dubh III – Dearbhfhoras le diúltú – Easpa leithleachais – Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2022/C 213/52)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Daimler AG (Stuttgart, an Ghearmáin) (ionadaí: N. Siebertz, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: J. Schäfer agus E. Markakis, Gníomhairí)

**Maidir le:**

Caingean arna tabhairt i gcoinne chinneadh an chúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 18 Márta 2021 (Cás R 1895/2020 – 5) maidir le hiarratas ar chlárú patrúnmhairc lena léirítear réalta thrírinneach ar chúlra dubh III mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Daimler AG na costais a íoc.

(1) IO C 278, 12.7.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 30 Márta 2022– Copal Tree Brands v EUIPO – Sumol + Compal Marcas (COPALLI)**

**(Cás T-445/21)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar fhocalmharc COPALLI de chuid an Aontais Eorpaigh – trádmhairc náisiúnta COMPAL níos luaithe – Foras coibhneasta le diúltú – Damáiste do chlú – Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Leas éagórach bainte as leithleachas nó as clú an trádmhairc níos luaithe)***

(2022/C 213/53)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Copal Tree Brands Inc. (Oakland, California, na Stáit Aontaithe) (ionadaí: B. Niemann Fadani, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: T. Frydendahl et D. Gája, Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO atá ag idirghabháil os comhair na Cúirte Ginearálta:* Sumol + Compal Marcas SA (Carnaxide, an Phortaingéil) (ionadaí: A. De Sampaio, Dlíodóir)

**Maidir le:**

Caingean arna tabhairt i gcoinne chinneadh an dara Bord Achomhairc de EUIPO an 25 Márta 2021 (Cás R 1581/2020 – 2), maidir le himeachtaí freasúra idir Sumol + Compal Marcas agus Copal Tree Brands.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Copal Tree Brands Inc. na costais a íoc.

(1) IO C 368, 13.9.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 24 Márta 2022 – Di Taranto v Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh**

**(Cás T-368/21)** (1)

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Dlí institiúideach – Comhar feabhsaithe maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a chur ar bun – Rialachán (AE) 2017/1939 – Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a cheapadh – Neamhdhleathacht díorthaithe – Iarrthóirí arna n-ainmniú ag Poblacht na hIodáile – Ainmniú arna chur in aghaidh os comhair na cúirte náisiúnta – Do-ghlacthacht)***

(2022/C 213/54)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Alessandro Di Taranto (an Róimh, an Iodáil) (ionadaí: G. Pellegrino, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (ionadaithe: L. De Matteis agus T. Gut, Gníomhairí)